# Plean Corparáideach d'Údaráis Áitiúla na Mí

*2004-2009*



# Plean Corparáideach d'Údaráis Áitiúla na Mí

*2004-2009*

# CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| 1.0 | Brollach | 2 |
| 2.0 | Réamhrá | 3 |
| 3.0 | Fís | 4 |
| 4.0 | Misean | 4 |
| 5.0 | Croí-Luachanna | 5 |
| 5.1 | Fócas ar Shaoránaigh | 5 |
| 5.2 | Pobail a Thógáil | 5 |
| 5.3 | Cur le Daonlathas Áitiúil | 5 |
| 5.4 | Inrochtaineacht, Freagracht, Oscailteacht | 5 |
| 5.5 | Comhionannas agus Uilechuimsitheacht Shóisialta | 5 |
| 5.6 | Fáiltiú Roimh Athrú | 5 |
| 5.7 | Comhpháirtíocht | 5 |
| 5.8 | Inbhuanaitheacht | 5 |
| 5.9 | Acmhainní a Bhainistiú | 5 |
| 6.0 | Timpeallacht Oibríochtúil | 6 |
| 6.1 | Seachtrach | 6 |
| 6.2 | Inmheánach | 7 |
| 7.0 | Cuspóirí Corparáideacha | 9 |
| 7.1 | Airgeadas | 9 |
| 7.2 | Bonneagar Fisiciúil agus Sóisialta | 9 |
| 7.3 | An tAthrú a Bhainistiú | 9 |
| 7.4 | Inbhuanaitheacht | 9 |
| 7.5 | Uilechuimsitheacht Shóisialta | 9 |
| 7.6 | Seirbhís do Chustaiméirí | 9 |
| 7.7 | Bord Forbartha an Chontae | 9 |
| 7.8 | Bainistiú Limistéar-Bhunaithe | 9 |
| 8.0 | Cuspóirí Feidhmiúla Straitéiseacha agus Straitéisí Tacaíochta | 10 |
| 8.1 | Seirbhísí Tacaíochta | 10 |
| 8.2 | Pobal, Fiontar, Áineas, Cultúr, agus Oidhreacht | 17 |
| 8.3 | Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch | 20 |
| 8.4 | Bonneagar | 22 |
| 8.5 | Comhshaol | 24 |
| 8.6 | Tithíocht | 26 |
| 9.0 | Cumas agus Acmhainní | 27 |
| 9.1 | Réamhrá | 27 |
| 9.2 | Airgeadas | 27 |
| 9.3 | Acmhainní Daonna | 27 |
| 9.4 | TCF | 27 |
| 10.0 | Feidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú | 29 |

# 1.0 BROLLACH

Is cúis mhór áthais dúinn ár bPlean Corparáideach do na blianta 2004 chuig 2009 a chur i láthair.


Tabharfaidh an cháipéis fhíorthábhachtach seo treoir do ghníomhaíochtaí Údaráis Áitiúla na Mí thar na cúig bhliana atá amach romhainn. Tá fís againn de Chontae na Mí mar chontae a bheidh aitheanta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar thogha na háite le hinfheistiú agus le maireachtáil ann agus mar áit bhreá cuairte, a mbeidh cáil air mar gheall ar cháilíocht a comhshaoil, a hoidhreachta, a cultúir agus ar neart agus inmharthanacht a pobail. Tá fís freisin againn d'Údaráis Áitiúla na Mí, go mbeidh siad aitheanta mar cheannairí ag cinntiú go gcuirfear ár bhfís don Chontae i bhfeidhm.

Tá muinín ag Údaráis Áitiúla na Mí as Contae na Mí agus creidimid go bhfuil na comhaltaí, an bhainistíocht agus an fhoireann dírithe agus tiomanta do thionchar fíreannach agus dearfach a bheith acu ar Chontae na Mí le linn thréimhse an phlean. Creidimid freisin go bhfuil na sásraí i bhfeidhm againn chun tacú lenár bpáirtnéirí stáit agus leath-stáit agus chun comhpháirtíocht leanúnach lenár bpobail a spreagadh.

Is iomaí dúshlán atá romhainn, go háirithe an gá atá ann lenár gcumas forbartha eacnamaíoch a fhás agus lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí infrastruchtúir ann chun fás cothrom an chontae a éascú. Ní mór dúinn freisin smaoineamh ar na pobail atá ann cheana agus ar a gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

Ba chóir do gach duine a bhfuil suim aige nó aici i bhforbairt Chontae na Mí an plean seo a léamh, lena n-áirítear comhaltaí agus foireann Údaráis Áitiúla na Mí. Cuirfidh sé i gcuimhne dúinn cá bhfuilimid ag dul agus a bhfuil i gceist againn a bhaint amach. Tá córas monatóireachta cuimsitheach curtha i bhfeidhm againn agus tuairisceofar go rialta chuig an nGrúpa Polasaí Chorparáidigh agus chuig comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí.

**Tommy Reilly**
**Cathaoirleach**



**Tom Dowling**
**Bainisteoir an Chontae**



# 2.0 RÉAMHRÁ




Leagann an Plean Corparáideach, don tréimhse 2004 – 2009, amach an creat oibre straitéiseach ina bhfeidhmeoidh Údaráis Áitiúla na Mí don tréimhse sin. Tá Údaráis Áitiúla na Mí ag oibriú i dtimpeallacht atá ag síorathrú, ar príomhthréith di an fás is mó riamh sa daonra agus an t-éileamh ar sheirbhísí dá bharr. Tá Comhairleoirí agus foireann Údaráis Áitiúla na Mí tiomanta do na dúshláin a thiocfaidh chun cinn le linn tréimhse an phlean a chomhlíonadh.

Tá cur chuige eagraíochtúil ag an bPlean Corparáideach, a chlúdaíonn na seirbhísí a bhíonn á seachadadh ag Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Baile na hUaimhe, Comhairle Baile Cheanannais agus Comhairle Baile Bhaile Átha Troim. Léiríonn an cur chuige sin an caidreamh agus an t-idirspleáchas atá idir na Comhairlí Baile agus an Chomhairle Contae.

Is é an príomhchuspóir sa Phlean Corparáideach ná stiúir straitéiseach d'Údaráis Áitiúla na Mí maidir le freastal ar shaoránaigh Chontae na Mí a leagan amach. Bainfear sin amach trí fhís fhadtéarmach agus ráiteas misin Údaráis Áitiúla na Mí a aithint, mar aon leis na príomhluachanna a threoraíonn a gcuid gníomhaíochtaí. Tabharfaidh sé imlíne ar an timpeallacht ina n-oibríonn na hÚdaráis, na cuspóirí feidhmiúla corparáideacha agus straitéiseacha ginearálta mar aon le stratéisí tacaíochta. Tabharfaidh sé aghaidh, freisin, ar an gcumas inmheánach agus ar na hacmhainní atá ar fáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Beidh sraith de Phleananna Oibríochtúla Bliantúla mar thaca leis an bPlean Corparáideach, rud a fhorbróidh an próiseas feidhmithe trí imlíne shonrach a thabhairt ar an tslí a mbainfear na cuspóirí amach. Beidh tomhas feidhmíochta ina chuid lárnach den phróiseas feidhmithe, mar a éilítear sa cháipéis 'Luach don Phobal a Sheachadadh – Táscairí Seirbhíse d'Údaráis Áitiúla', agus mar atá foilsithe sa Tuarascáil Bhliantúil.

Bunaíodh Coiste Grúpa Stiúrtha idir-rannach d'Athbhreithniú an Phlean Chorparáidigh, ag tuairisciú chuig an bhfoireann bainistíochta, chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú an Phlean Chorparáidigh. Measadh go raibh an-tábhacht ag baint le comhchomhairle chun cáipéis shuntasach a fhreagróidh d'fhíor-riachtanais shaoránaigh ár gcontae a chur le chéile. Bhí Comhairleoirí, an Bhainistíocht, an Fhoireann agus Úsáideoirí Seirbhísí rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas comhairliúcháin agus táimid buíoch as a gcomhoibriú agus as a gcúnamh.

Tá Údaráis Áitiúla na Mí tiomanta an Plean Corparáideach 2004 – 2009 seo a chur i bhfeidhm agus táimid ag tnúth le tabhairt faoi na dúshláin a thiocfaidh romhainn agus tréimhse eile fáis agus forbartha i ndán don Mhí.

# 3.0 FÍS

Tá fís ag Údaráis Áitiúla na Mí de Chontae a bheidh aitheanta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar thogha na háite le hinfheistiú agus le maireachtáil ann agus mar áit bhreá cuairte, a mbeidh cáil uirthi mar gheall ar cháilíocht a comhshaoil, a hoidhreacht, a cultúr agus ar neart agus inmharthanacht a pobail. Tá fís freisin againn dár nÚdaráis Áitiúla, go mbeidh siad aitheanta mar cheannairí ag cinntiú go gcuirfear ár bhfís don Chontae i bhfeidhm.

# 4.0 MISEAN

Chun fás eacnamaíoch, sóisialta, cultúir agus comhshaoil ár gcontae a bhrú chun cinn ar slí ar bheidh uilechuimsitheach dár saoránaigh go léir.



# 5.0 CROÍ-LUACHANNA

Agus an plean seo á fheidhmiú againn, beidh Údaráis Áitiúla na Mí faoi threoir na gcroí-luachanna seo a leanas, atá mar bhonn taca ár n-oibríochtaí.

### Fócas ar Shaoránaigh

Táimid tiomanta d'fhorbairt agus d'fheidhmiú polasaithe ar mhaithe leis an gcontae i gcoitinne, fad a bhítear ag freastal ar na custaiméirí ar bhealach comhbhách, comhleanúnach agus cúirtéiseach.

### Pobail a Thógáil

Táimid tiomanta do phobail a fhorbairt agus a neartú trí bhonneagair tógtha agus sóisialta a sholáthar, trínár mbunús eacnamaíoch a neartú lena chinntiú go mbeidh ár bpobail in ann oibriú laistigh dár gcontae, agus trí chaidreamh oibre a thógáil trí chomhairliúchán, phleanáil agus chomhoibriú.

### Cur le Daonlathas Áitiúil

Táimid tiomanta cur leis an bpróiseas daonlathach áitiúil trínár saoránaigh a spreagadh le bheith rannpháirteach i bpleanáil agus i seachadadh seirbhísí.

### Inrochtaineacht, Freagracht, Oscailteacht

Táimid tiomanta dár seirbhísí a dhéanamh inrochtana dár saoránaigh go léir agus go ndéanfar seachadadh seirbhísí agus cinnteoireacht ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

### Comhionannas agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

Táimid tiomanta polasaí a fhorbairt agus seirbhísí a sheachadadh chun cur le sochaí neamhchlaonta agus uilechuimsitheach, a fhreagróidh do riachtanais éagsúla ár saoránach go léir.

### Fáiltiú Roimh Athrú

Táimid tiomanta freagairt don athrú agus a bheith ina gceannródaithe don athrú trí nuáil, solúbthacht agus tomhas a dhéanamh ar ár fheidhmíocht.

### Comhpháirtíocht

Táimid tiomanta oibriú i gcomhpháirtíocht lenár saoránaigh agus lenár bhfoireann chun cur leis na próisis chomhairliúcháin agus le cinnteoireacht chomhaontaithe inár ngníomhaíochtaí.

### Inbhuanaitheacht

Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthar a fhreagróidh do na riachtanais atá ann faoi láthair gan cur isteach ar chumas na nglún amach romhainn freagairt dá riachtanais féin.

### Acmhainní a Bhainistiú

Táimid tiomanta don úsáid is éifeachtúla agus is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun seirbhís ar ardchaighdeán agus luach ar airgead a sholáthar.

# 6.0 TIMPEALLACHT OIBRÍOCHTÚIL

Is iomaí fachtóir a imríonn tionchar ar ár gcontae, a mbíonn éifeacht dhíreach nó indíreach acu ar Údaráis Áitiúla na Mí. I go leor cásanna ní bhíonn smacht againn orthu, ach ní mór dúinn a bheith ar an eolas maidir leis na fachtóirí sin agus iad a chur san áireamh agus muid ag ullmhú agus ag pleanáil don todhchaí.

## Seachtrach



Is éard atá sa timpeallacht sheachtrach na fachtóirí sin atá lasmuigh dár n-eagraíocht a mbíonn éifeacht agus tionchar acu ar oibríochtaí.

Tá tionchar ag an timpeallacht reachtúil chasta atá ann faoi láthair ar an mbealach a n-oibrímid, agus is leis an reachtaíocht sin a leagtar amach ár gcuspóirí do na blianta amach romhainn.

Tá daonra taifeadta de 134,000 (Daonáireamh 2002) i gContae na Mí, a léiríonn an céatadán is mó de mhéadú sa daonra a tharla i gcontae ar bith in Éirinn sa tréimhse 1996-2002. Tá daonra de os cionn 140,000 ann faoi láthair le meastacháin dhéimeagrafacha ag tuar daonra de 151,000 faoin mbliain 2010.

Tá tionchar, i bpáirt, ag chomh gar atáimid do Bhaile Átha Cliath ar an mbrú forbartha a thagann leis an bhfás sin. Cruthaíonn an brú sin dúshláin ollmhóra dúinn maidir le bonneagar polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíoch agus reachtúil a sholáthar.

## Polaitiúil

Soláthraíonn Údaráis Áitiúla na Mí fóram d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil trí thoghcháin áitiúla a thionóltar gach 5 bliana. Tugtar freagracht freisin d'Údaráis Áitiúla na Mí maidir le polasaithe Rialtais Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Ceapann na Comhairlí tofa polasaithe bunaithe ar riachtanais an chontae agus stiúrann siad sin gníomhaíochtaí na heagraíochta.

## Eacnamaíoch

Tá spleáchas ar mhaoiniú lárnach ón rialtas chomh maith leis an easpa neamhspleáchais agus rogha chun ioncam áitiúil a chruthú fós ag cruthú fadhbanan, ó thaobh cúrsaí eanacmaíochta de, d'Údaráis Áitiúla na Mí.
Bhí sé deacair bunús fiontair a fhorbairt a mbeadh cumas aige ioncam áitiúil leordhóthanach a chruthú chun freagairt go hiomlán do riachtanais forbartha ár gcontae. Táimid in iomaíocht le réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus Iarthair agus tá tionchar ag chomh gar atáimid do do Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath orainn.
Ar an gcaoi chéanna, cé go bhfuil fórsa saothair d'ardscileanna ag an gcontae, bíonn líon suntasach ag comaitéireacht amach as an gcontae ar bhonn laethúil, rud a chuireann srian le hioncam áitiúil a chruthú.
Leanfaidh an Chomhairle ag cur Contae na Mí chun cinn go forghníomhach mar shuíomh tarraingteach do dheiseanna infheistíochta isteach chun tabhairt faoi na dúshláin thuasluaite.


## Sóisialta

Tá pobal éagsúil agus ilchultúrtha tagtha as phróíl dhéimeagrafach athraitheach an chontae. Cothaíonn sé sin dúshláin agus deiseanna dúinn chun seachadadh seirbhísí amach anseo a mhúnlú agus chun ardchaighdeán saoil a bhaint amach dár saoránaigh.

Tá fás daonra iomlán de 87% taifeadta ó 1970 (méadú de 22.1% idir 1996 agus 2002) cé go bhfuil titim sa daonra i dtuaisceart agus in iarthar an chontae. Is ceann de na mórdhúshláin atá os comhair Údaráis Áitiúla na Mí le linn shaolré an phlean seo ná cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais agus ionchais an fháis sa daonra i limistéir áirithe, chomh maith leis an athnuachan a theastóidh i limistéir eile.

### Teicneolaíochtaí Cumarsáide Faisnéise (TCF)

Ba phríomhchatalaíoch san athrú a bhí sa Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise san am a caitheadh, agus is amhlaidh a bheidh amach anseo. Éilíonn forchéimniú na straitéise náisiúnta TCF, lena n-áirítear an clár oibre ríomhsheirbhísí an Rialtais agus Bonneagar Leathanbhanda a sholáthar, freagra comhordaithe, straitéiseach agus uilechuimsitheach go sóisialta ó earnáil na nÚdarás Áitiúil.



### Reachtúil

Oibríonn Údaráis Áitiúla na Mí laistigh de chreat oibre reachtúil leathan chun polasaí Rialtais a chur i bhfeidhm agus chun gníomhú mar rialtóir áitiúil agus mar ghníomhaire den Rialtas.

Forchuireann pleananna agus straitéisí Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla chomh maith le Treoir agus Rialuithe an AE, dianrialacháin agus dianéilimh, go háirithe sna réimsí pleanála agus comhshaoil.

Tá tionchar suntasach orthu sin go léir ar oibriú agus acmhainniú ár ngnó.

### Inmheánach

Tugtar an "timpeallacht inmheánach" ar gach fachtóir atá inmheánach dár n-eagraíocht.
Ní mór dúinn a bheith comhfhiosach faoin timpeallacht sin agus cuspóirí réalaíocha á socrú againn agus athrú á bhainistiú againn sna blianta amach romhainn.

### Acmhainní Daonna

Fostaíonn Údaráis Áitiúla na Mí foireann de os cionn 800 agus, curtha le chéile, is ceann de na fostóirí is mó sa chontae iad. Ís é an fórsa saothair an achmhainn is mó atá againn agus is cuid bhunúsach de sheachadadh rathúil an Phlean Corparáidigh seo é.



Tabharfaidh ár dtiomantas d'athrú agus d'fheabhas leanúnach dúshlán do scileanna agus do chumas ár bhfórsa saothair. Éileoidh sin, chomh maith leis an ngá atá le seirbhís chustaiméirí ar ardchaighdeán a sholáthar, cur chuige straitéiseach ar oiliúint, ar fhorbairt agus ar bhainistiú éifeachtach laistigh de struchtúr foirne ceadaithe.

Cuireadh oiliúint agus forbairt na foirne ar aghaidh trí Chomhpháirtíocht san Áit Oibre agus leanfar leis sin mar thosaíocht. Tabharfaidh feidhmiú an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (CBFF), chomh maith lenár gclár creidiúnaithe Forbairt Gairme Leanúnach d'fhoireann innealtóireachta agus teicniúla, cúnamh le forbairt gairme, cuirfidh siad le foireann a choimeád agus treiseoidh siad tiomantas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.
Aithnímid go bhfuil sásraí éifeachtúla maidir le Caidreamh Tionsclaíoch agus Comhpháirtíocht san Áit Oibre fíorthábhachtach chun comhaontuithe comhpháirtíochta náisiúnta agus bainistiú an athraithe a thabhairt i gcrích go rathúil.
Admhaíonn Údaráis Áitiúla na Mí gur príomhghnéithe iad feidhmiú rathúil na dTionscnamh a Chuidíonn leis an Teaghlach/Cothromaíocht Oibre-Saoil agus polasaithe acmhainní daonna eile i gcur le cumas na nÚdarás foireann le taithí agus fiúntach a choimeád, chomh maith le daoine nua d'ardchaighdeán a mhealladh.

## Acmhainní Airgeadais

Tugann na sriantachtaí reachtúla atá forchurtha ar Údaráis Áitiúla a chuireann bac orainn ioncam áitiúil a chruinniú, chomh maith lena mbeidh an daonra atá ag méadú ag súil leis, mórdhúshlán do sheachadadh agus chothabháil ardleibhéal seirbhíse, agus don iarracht ar easnamh leanúnach ioncaim a shásamh.
Is í an treocht is suntasaí le blianta beaga anuas ná sruthanna ioncaim a bheith á gcailleadh in éineacht le costais a bheith ag méadú go suntasach, go háirithe maidir le huisce agus seirbhísí fuíolluisce a sholáthar. Tá cur chun cinn luach ar airgead agus bainistiú acmhainní fíorthábhachtach d'fheidhmiú iomlán na físe corparáidí.



## Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise (TCF)

Tá ghluaiseacht chuig córas sheachadadh seirbhísí limistéar-bhunaithe trí gréasán de shiopaí-aon-stad éascaithe ag infheistíocht sa teicneolaíocht. Chuir sé uirlis chumarsáide agus sásra do sheachadadh nuálaíoch seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán ar fáil dúinn.

Leanfaimid orainn ag infheistiú i TCF chun cur chuige solúbtha agus freagarthach i leith sheachadadh seirbhísí agus rannpháirteacht i dtionscnamh REACH an Rialtais a chinntiú.

# 7.0 CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA

Tá roinnt cuspóirí eagraíochtúla leathana leagtha amach thíos chun stiúir fheidhmeanna na heagraíochta a threorú agus a mhúnlú.

**Airgeadas**

An úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teoranta agus foinsí breise ioncaim a chruthú.

**Bonneagar Fisiciúil agus Sóisialta**

Soláthar comhtháite an bhonneagair fhisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta, hcultúrtha agus cháilíocht saoil a éascú.

**An tAthrú a Bhainistiú**

Fáiltiú roimh na hathruithe eagraíochtúla a bhfuil gá leo agus iad a chur chun cinn trí athbhreithniú córasach a dhéanamh ar fheidhmíocht na nÚdarás Áitiúil agus chun ár n-éifeachtacht leanúnach maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a chinntiú.

**Inbhuanaitheacht**

Forbairt inbhuanaithe chomhtháite cothrom a bhaint amach de réir prionsabail Chlár Oibre 21.

**Uilechuimsitheacht Shóisialta**

Comhionannas iomlán rochtana ar láitheacha agus fhoirgnimh phoiblí, agus rannpháirteacht agus cumasú do chách trí chur chuige uilechuimsitheach ar sholáthar seirbhísí ag teacht leis an Reachtaíocht Chomhionannais agus le Dearbhú Barcelona 1995 a chur chun cinn.

**Seirbhís do Chustaiméirí**

Seirbhís ar ardchaighdeán, inrochtaine, cúirtéiseach agus freagarthach a sholáthar.

**Bord Forbartha an Chontae**

Ceannaireacht agus stiúradh a dhéanamh ar chomhordú agus ar chomhtháthú feabhsaithe i soláthar seirbhísí ag leibhéal áitiúil.

**Bainistiú Limistéar-Bhunaithe**

Bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht sheachadadh seirbhísí i gcomhthéacs an struchtúir díláraithe reatha.

# 8.0 CUSPÓIRÍ FEIDHMIÚLA STRAITÉISEACHA AGUS STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

Tá na cuspóirí seo leagtha amach ar bhonn feidhmiúil agus forbraíodh iad le haird ar na cuspóirí corparáideacha. Leagann siad amach aidhmeanna na nÚdarás Áitiúil thar shaolré an phlean seo agus tugann siad tosaíocht do na straitéisí tacaíochta maidir leis na haidhmeanna sin a bhaint amach.

## Seirbhísí Tacaíochta

## Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear ar fheidhmeanna na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht a thabhairt do ról na gComhairleoirí agus don phróiseas daonlathach, faisnéis ar ghníomhaíochtaí eagraíochtúla a sholáthar agus seachadadh seirbhíse caighdéanach, le fócas ar an gcustaiméar, a chinntiú.

### Cuspóir Straitéiseach

Obair laistigh de chreat oibre de phrionsabail dhaonlathacha a éascoidh an rannpháirteacht phoiblí is fearr, agus seachadadh seirbhísí cáilíochta ar mhaithe lenár bpobal.

### Straitéisí Tacaíochta

**Tacaíocht Comhaltaí**

Tacú agus cur le ról an Chomhairleora tofa trí fhaisnéis, oiliúint, comhairle agus saoráidí a sholáthar, de réir mar a theastaíonn siad i bhfeidhmiú a róil.

**Tacaíocht Foirne Bainistíochta**

Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin i ngníomhú a bhfeidhmeanna.

**Deontais Ardoideachais**

Scéim Deontas Ardoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a riaradh ag leibhéal áitiúil.

**Cumarsáid/ Comhionannas Corparáideach**

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus lenár bpobal le feasacht faoi sheirbhísí agus oibríochtaí na heagraíochta a mhéadú.

**Plean Corparáideach**

Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú an Phlean Chorparáidigh.

**Clár Eitice**

Forálacha an Chreata Oibre Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a fhorfheidhmiú agus a riaradh.

**Toghcháin**

Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin daonlathach ar bhealach éifeachtach.

**Sábháilteacht agus Sláinte**

Cinntiú go dtabharfar tosaíocht do shábháilteacht agus sláinte i ngach gné dár gcuid oibre.

**Cruinnuithe a Riaradh**

Tacú leis na Comhairleoirí a ról daonlathach agus polasaí a chomhlíonadh, agus cur leis.

**Clár na dToghthóirí**

Faisnéis a ghabháil agus rialú caighdeáin, foilsiú agus scaipeadh Chlár na dToghthóirí a bhainistiú, faoi réir fhorálacha na nAchtanna Toghcháin.

**Cúram Custaiméirí**


Cultúr soláthar seirbhíse den scoth a chur chun cinn, a bheidh freagarthach do riachtanais agus ionchais ár gcustaiméirí agus ár bpobal.

**Foirgnimh agus Timpeallacht Chorparáide**

Timpeallacht fheidhmiúil, shlán, shábháilte a bheidh inrochtaine do chách a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil.

**An tAthrú a Bhainistiú**

Próiseas athbhreithnithe agus neartaithe ár bpróiseas gnó a chur i bhfeidhm.



## Acmhainní Daonna

Fostaíonn Údaráis Áitiúla na Mí tuairim is 800 duine. Is iad na fostaithe sin an tsócmhainn is tábhachtaí atá ag na hÚdaráis agus tá siad riachtanach i seachadadh éifeachtach ár seirbhísí.

Le blianta beaga anuas b'éigean do na hÚdaráis Áitiúla aghaidh a thabhairt ar dhúshláin timpeallachta atá ag síor athrú. Tá dúshláin nua curtha faoi bhráid fheidhm na nAcmhainní Daonna ag athruithe nuachóirithe suntasacha ar nós iad sin a tugadh isteach faoi BLG, agus faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Náisiúnta, "Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn". Aithníonn an eagraíocht scileanna agus inniúlachtaí atá riachtanach chun seirbhísí custaiméirí cáilíochta agus luach ar airgead a sheachadadh, agus cuireann sí san áireamh iad. Is riachtanas nua chun táirgiúlacht níos fearr a sheachadadh, chomh maith le forbairt ghairme leordhóthanach do dhaoine aonair agus d'fhoirne, é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (CBFF), agus cuirfidh sé feidhm bhainistithe acmhainní daonna Údaráis Áitiúla na Mí ar aghaidh.

Aithníonn Straitéis na nAcmhainní Daonna Comhpháirtíocht san Áit Oibre mar an cur chuige is fearr don athrú a thabhairt isteach. Cothaíonn sí muinín agus tuiscint i measc na foirne agus spreagann sí comhfhís agus tuiscint ar chuspóirí eagraíochtúla.




### Cuspóir Straitéiseach

Cur le cuspóirí corparáideacha a bhaint amach trí fhoireann inniúil, dea-intinneach a fhorbairt; agus trí thimpeallacht oibre solúbtha, freagarthach a chothú a chuirfidh le deiseanna agus a chuirfidh a mhéid agus is féidir le poitéinseal gach duine den fhoireann.

### Straitéisí Tacaíochta

**Struchtúr Foirne**

Bainistiú agus cothabháil éifeachtach a dhéanamh ar struchtúr foirne ceadaithe, solúbtha agus freagarthach a fhreagróidh do riachtanais na heagraíochta agus iad ag teacht chun cinn.

**Saoire**

Cothromaíocht idir theidlíochtaí saoire foirne agus riachtanais oibríochtúla a bhainistiú agus a éascú, agus cultúr de Chothromaíocht Oibre-Saoil rathúil laistigh den eagraíocht a chur chun cinn.

**Luach Saothair**

Luach saothair cuí don fhoireann, a bheidh ag teacht le scálaí pá agus le dámhachtainí comhaontaithe go náisiúnta, a chinneadh agus a sholáthar.

**Bainistiú Feidhmiúcháin**

Córas bainistíochta feidhmiúcháin a bheidh cuí d'Údaráis Áitiúla na Mí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, a chuirfidh ar chumas na foirne ag gach leibhéal tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a mbeidh a gcuid oibre féin riachtanach chun cuspóirí foriomlána eagraíochtúla a bhaint amach.

**Oiliúint**

Riachtanais a mheas i gcomhar le clár an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin agus le clár na Forbartha Gairme Leanúnaí, chun an oiliúint, an t-oideachas agus an fhorbairt phearsanta chuí a sholáthar a chumhachtóidh acmhainn daonna oilte, táirgiúlach agus solúbtha a bheidh in ann freagairt do na riachtanais eagraíochtúla a thiocfaidh chun cinn.

**Am agus Tinreamh**

Socruithe oibre solúbtha a bhainistiú agus a fhorbairt a bheidh ar mhaithe lenár gcustaiméirí, agus a thabharfaidh cothromaíocht do riachtanais na bhfostaithe agus na heagraíochta.

**Céannacht agus Slándáil**

Córas céannachta agus slándála a sholáthar agus a chur i bhfeidhm, a chuirfidh le timpeallacht slán don fhoireann agus do chustaiméirí.

**Aoisliúntas**

Taifead cruinn a choinneáil ar na mionsonraí fostaíochta go léir, agus seirbhís chruinn, éifeachtach a sholáthar a chomhlíonfaidh Reachtaíocht Aoisliúntais.

**Caidreamh Tionsclaíoch**

Cur leis an gcaidreamh tionsclaíoch daingean atá anois ann, agus Comhpháirtíocht san Áit Oibre a chur chun cinn agus a fhorbairt mar an tslí ina n-oibrímid, chun rath eagraíochtúil a bhaint amach.

**Polasaithe Chomhlíondh Rialachán / Comhionannais / Eitice / Iompair**

Polasaithe agus nósanna imeachta foirne, a fhreagróidh do riachtanais eagraíochtúla agus a chuirfidh le forbairt foirne ag gach céim dá saol oibre, le haird ar threoirlínte agus ar reachtaíocht ábharthach, a fhorbairt trí Chomhpháirtíocht san Áit Oibre.

**Earcaíocht**

Bainistiú a dhéanamh, ar slí chothrom agus thrédhearcach, ar fhoinsiú, roghnúchán agus ceapachán na ndaoine is fearr a fhreagróidh do riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta.



## Teicneolaíocht Faisnéise

Soláthraíonn an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise seirbhísí custaiméirí ar ardchaighdeán, a chumasaíonn rannpháirteacht uilíoch, nuáil agus an scoth maidir le ríomhsheirbhísí an Rialtais agus teicneolaíocht.

### Cuspóir Straitéiseach

Buanna na foirne agus acmhainní agus sócmhainní teicneolaíochta na Comhairle a úsáid go héifeachtach, go héifeachtúil agus go táirgiúlach agus seirbhís ard-cháilíochta a sheachadadh dár gcustaiméirí a fhreagróidh dá riachtanais agus dá n-ionchais.

### Straitéisí Tacaíochta

Forbairt agus cur le cumas na Rannóige TF córais agus seirbhísí a thabhairt i gcrích a fhreagróidh do riachtanais agus d'ionchais a custaiméirí inmheánacha, a gComhairleoirí, na gcomhlachtaí poiblí eile agus an phobail.

Cur le cruthú Sochaí Faisnéise uilechuimsitheach, agus í a chothú.


Úsáid a bhaint as poitéinseal na teicneolaíochta faisnéise chun cur leis an daonlathas agus chun rannpháirteacht an phobail i rialtas áitiúil a leathnú.

Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí Idirlín chun seirbhísí na Comhairle a sheachadadh chuig an bpobal agus chuig Comhairleoirí ar bhealaí nuálacha éagsúla.

Obair le heagraíochtaí seachtracha chun cur le tionscnaimh náisiúnta teicneolaíochta agus ríomhsheirbhísí an Rialtais, agus chun córais agus seirbhísí náisiúnta agus áitiúla a sheachadadh.

Leanúint le ceannaireacht a dhéanamh ar nuáil i seachadadh seirbhísí rialtais áitiúla agus teicneolaíochtaí oiriúnacha chun na críche sin a úsáid.

A bheith rannpháirteach i dtionscnaimh Náisiúnta ar nós Leathanbhanda Pobail agus an Líonra Limistéar Cathrach (LAC)



## Airgeadas

Déanann an Rannóg Airgeadais bainistiú agus monatóireacht ar ioncam agus caiteachas na heagraíochta. Meastar go gcaithfidh Údaráis Áitiúla na Mí breis agus 1.5 billiún euro thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo. Beidh tionchar ag an leibhéal sin caiteachais, agus ag bainistiú glanshócmhainní agus cúlchistí de 2.4 billiún euro, ar gach gníomhaíocht den Chomhairle.

### Cuspóir Straitéiseach

Cinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí Údaráis Áitiúil na Mí bunaithe ar chleachtais bhainistíochta airgeadais slána, a chomhlíonfaidh an reachtaíocht chuí, agus go mbainfear an leas is fearr as gach acmhainn chun na straitéisí sa phlean seo a chur i bhfeidhm go hiomlán.

### Straitéisí Tacaíochta

**Cinnteoireacht**
Faisnéis agus comhairle thráthúil agus chruinn a sholáthar chun cinnteoireacht mhaith a chumasú agus tacú léi.

**Bainistiú Airgeadais**
An leas is fearr a bhaint as an gcóras bainistíochta airgeadais chun tacú le cleachtais bhainistíochta airgeadais slána ar fud na heagraíochta.

**Luach ar Airgead**
An prionsabal luach ar airgead a chur chun cinn agus bainistiú acmhainní cuí agus éifeachtach a chinntiú.

**Iniúchadh Inmheánach**
Leanúint le sárchleachtas in iniúchadh inmheánach agus i rialuithe a fhorbairt.

**Tairiscintí Maoinithe Comhordaithe**
An méid is mó agus is féidir a bhaint as gach foinse maoinithe a bheidh ar fáil agus a bheith nuálaíoch inár dtairiscint chun maoiniú breise agus maoiniú amach anseo a dheimhniú.

**Árachas**
Bainistiú feabhsaithe, breisithe a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

**Fáil**
Cleachtais fála tras-rannóige le luach ar airgead a fhorbairt.

**Seirbhísí Dlí**
Tacaíocht chomhairle dlí éifeachtúil agus costas-éifeachtach a chomhordú agus a sholáthar don eagraíocht.

**Bainistiú Riosca**
Measúnú agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar phróisis na heagraíochta, agus comhairle a thabhairt ina leith, chun caillteanais a íoslaghdú agus chun deiseanna a uasmhéadú.

## Pobal, Fiontar, Áineas, Cultúr, agus Oidhreacht

Déileálann an fheidhm seo leis na croísheirbhísí seo a leanas:

- Forbairt Phobail agus Fiontair
- Bord Forbartha Chontae na Mí
- Tionscnaimh Bród san Áit
- Clár Gníomhaíochta Comhshaoil
- Oidhreacht
- Na hEalaíona
- Seirbhís Leabharlainne
- Saoráidí Pobail, Áineasa, Fóillíochta agus Taitneamhachtaí/Scéim Deontas Pobail
- Clár RAPID
- Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

### Cuspóir Straitéiseach

Raon leathan clár agus seirbhísí a chumhachtaíonn daoine le bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht agus i bhforbairt phobail a fhorbairt agus a chur chun cinn; agus oibriú le chéile laistigh den Chomhairle, le pobail agus le páirtithe leasmhara, chomh maith agus is féidir chun pobail inbhuanaitheacha, muiníneacha a thógáil.

### Straitéisí Tacaíochta

**Forbairt Phobail agus Fiontair**

- Aird a tharraingt ar na sochair a bhaineann le prionsabail agus próisis forbartha pobail laistigh de pholasaithe Údaráis Áitiúla na Mí, chomh maith lena seachadadh seirbhíse, agus iad a chur chun cinn agus a bhunú.
- Raon tionscnamh forbartha pobail a aithint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tionscnaimh Theicneolaíocht Faisnéise Pobail, a spreagfaidh rannpháirteacht pobail agus a éascóidh cumhachtú pobail, agus ar an tslí sin cur le ról Údaráis Áitiúla na Mí maidir le forbairt phobail.
- Feasacht ar uilechuimsitheacht shóisialta a mhéadú agus aghaidh a thabhairt uirthi, laistigh agus lasmuigh d'Údaráis Áitiúla na Mí trí chomhairliúchán agus, comhoibriú.



**Bord Forbartha Chontae na Mí**

- Leanúint de bheith ag tacú le Bord Forbartha Chontae na Mí agus é a éascú i bhfeidhmiú a straitéise comhtháite do Chontae na Mí.
- Bord Forbartha Chontae na Mí a chur chun cinn laistigh d'Údaráis Áitiúla na Mí mar chomhpháirtíocht ilghníomhaireachtaí chun tionscnaimh tras-earnála a chur ar aghaidh.

**Bród san Áit/Clár Gníomhaíochta Comhshaoil**

- Leanúint le forbairt na dTionscnamh Bróid san Áit agus an Chláir Gníomhaíochta Comhshaoil go ceann cúig bliana eile ar bhealach nuálach agus solúbtha.
- Polasaí sárchleachtas bainistíochta comhshaoil a mholadh do gach oibríocht de chuid na nÚdarás Áitiúil agus do gach gníomhaíocht a dhéanfaidh Grúpaí Pobail agus Deonacha.



**Oidhreacht**
- Fóram Oidhreachta an Chontae a bhunú agus Plean Oidhreachta an Chontae 5-bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhairliúchán leis an bpobal agus le gach páirtí leasmhara.
- Comhairle agus oiliúint ar sárchleachtas i gcaomhnú agus i mbainistiú oidhreachta a sholáthar don phobal, don Údarás Áitiúil agus do ghníomhaireachtaí eile.
- Feasacht a ardú ar oidhreacht agus bailiú agus scaipeadh faisnéis oidhreachta a éascú.
- Cur le déantús polasaí agus le cinnteoireacht údaráis áitiúil.
- Rochtain uilíoch ar láithreáin oidhreachta a chur chun cinn.

**Na hEalaíona**
- An dara Plean Forbartha Ealaíon an Chontae a sheoladh agus a chur i bhfeidhm.
- Leanúint le tionscnaimh ealaíon rannpháirtíochta don fhorbairt shóisialta, cultúrtha, pobail agus oideachasúil a chur chun cinn, a éascú agus a mhéadú.
- Sraith chothromaithe d'imeachtaí cultúrtha bliantúla, trasna na ndisciplíní ealaíon go léir, a sholáthar.
- Leanúint le forbairt agus inbhuanaitheacht cleachtais agus cleachtóirí gairmiúla ealaíon sa Chontae, ag cur an líon daoine gairmiúla atá lonnaithe i gContae na Mí faoi láthair san áireamh.

**Seirbhís Leabharlainne na Mí**
- Seirbhís nua-aimseartha leabharlainne agus faisnéise a sheachadadh trí Chlár forbartha leabharlainne a chur i bhfeidhm.
- Ballraíocht agus úsáid an raon leathan de sheirbhísí Leabharlainne, atá ar fáil do gach cuid den phobal, a spreagadh agus a mhéadú.

**Saoráidí Pobail, Áineasa, Fóillíochta agus Taitneamhachtaí**
- An Scéim Deontas Pobail bhliantúil, lena n-áirítear tionscadail agus tionscnaimh údaráis áitiúil a chomhordú agus a bhainistiú.

**Clár RAPID na hUaimhe**
- Maoiniú agus acmhainní a chinntiú le limistéir a athnuachán trí phleanáil, infheistíocht, lánpháirtiú agus cumhachtú .

**Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí**
- Plean Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil na Mí a chur i bhfeidhm.
- Raon clár cáilíochta a ardóidh feasacht ar ghníomhaíocht fhisiciúil agus spórt agus na sochair a bhaineann leo a fhorbairt agus a sheachadadh.

## Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Déileálann an fheidhm seo le pleanáil fhisiciúil agus le forbairt inbhuanaitheach an Chontae agus le gníomhaíocht eacnamaíoch agus turasóireachta a chur chun cinn.

### Cuspóir Straitéiseach

Córas pleanála fisiciúil a oibriú laistigh de phatrúin lonnaíochta inbhuanaitheacha a éascóidh agus a dhreasóidh forbairt eacnamaíoch i gContae na Mí, a fhad a chothóidh sé i gcónaí cosaint oidhreacht nádúrtha agus thógtha an Chontae.

### Straitéisí Tacaíochta

**Pleanáil**

- Forbairt laistigh de phatrúin inbhuanaitheacha lonnaíochta a éascú agus a spreagadh le haird ar cháipéisí polasaí Náisiúnta agus Réigiúnacha maidir le cosaint agus bainistiú na hoidhreachta seandálaíochta agus tógtha a chothú, agus leis sin úsáid éifeachtúil talún agus bonneagair a chur chun cinn.
- Seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil ar ardchaighdeán a sheachadadh, trí fhoireann oilte agus spreagtha, ag úsáid na pacáistí Teicneolaíochta Faisnéise comhtháite is mó atá cothrom le dáta.
- Athbhreithniú agus ullmhúchán a dhéanamh ar na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéar Áitiúil go léir, agus ar gach cáipéis reachtúil eile lena n-áirítear Straitéis Tithíochta na Mí, An Straitéis Miondíola agus an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha, ag teacht le prionsabail na forbartha inbhuanaithí.
- Ár ndualgas reachtúil a chomhlíonadh chun gach iarratas pleanála agus nithe eile a chinneadh laistigh de scálaí ama sonraithe, chomh tapaidh agus chomh héifeachtach agus is féidir, agus aird i gcónaí dar phrionsabail na forbartha inbhuanaithí agus ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaitheach an limistéir.
- Ár gcumhachtaí reachtúla a úsáid lena chinntiú go ndéanfar an fhorbairt go léir i gcomhréir le cead pleanála agus leis an reachtaíocht Rialaithe Tógála agus chun an gníomh forfheidhmithe cuí a ghlacadh in aghaidh aon fhorbairt neamhúdaraithe.
- Comhairle a chur ar an bpobal agus ar chomhlachtaí eile maidir le cúrsaí pleanála lena n-áirítear leanúint le clinící réamh-phleanála ag leibhéal limistéir i ndáil le tograí tithíochta aonair nó síneadh tí.

**Forbairt Eacnamaíoch**

- Obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí Rialtais eile agus leis an earnáil phríobháideach chun forbairt inbhuanaitheach, eacnamaíoch agus tionsclaíoch an Chontae a chur chun cinn agus chun deiseanna fostaíochta do dhaoine a chonaíonn sa Chontae a chur chun cinn.
- Leanúint le Contae na Mí a chur chun cinn go forghníomhach mar shuíomh tharraingteach do dheiseanna infheistíochta isteach; chun leas a bhaint as a shuíomh straitéiseach sa réigiún is tapúla fáis in Éirinn agus as a ghaireacht do Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.
- Oibriú le Bord Forbartha an Chontae, le Bord Fiontair Chontae na Mí agus le gníomhaireachtaí eile i gcur chuige comhtháite ar sheachadadh bonneagair eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir a bhaint amach ionas go bhféadfaidh na príomhchonairí forbartha aitheanta a bheith ina bpríomhlimistéar fáis don Chontae.
- A chinntiú go mbeidh dóthain talún seirbhísithe ar fáil chun críche tionsclaíochta agus tráchtála sna hionaid ainmnithe chun cur le gníomhaíocht eacnamaíoch agus chun riachtanais fostaíochta an Chontae a chomhlíonadh.
- Cur le bonneagar iompair ionas go bhfeabhasófar rochtain ar phoist, ar áineas, ar thurasóireacht, ar shaoráidí agus ar sheirbhísí i gContae na Mí.
- Rochtain níos leithne ar dheiseanna fostaíochta do na pobail is mó atá faoi mhíbhuntaiste a chur chun cinn.

**Turasóireacht**

- Contae na Mí a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta sna margaí baile agus eachtrannacha araon, agus an contae a chur isteach i measc na 10 gcontae turasóireachta is mó tóir in Éirinn.
- Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit eile a bhfuil freagracht tugtha dóibh an Mhí a fheabhsú mar cheann scríbe turasóireachta.
- Infheistíocht nua agus ardcháilíochta a lorg sa tionscal turasóireachta i gContae na Mí, le haird go sonrach ar ghníomhaíochtaí cóiríochta agus fóillíochta ar nós Galf, Eachaíocht, Siúl, Rothaíocht agus Slatiascaireacht.
- An méid sochair is mó is féidir a fháil ó ainmniú an Chontae mar Phríomh-Áit Oidhreachta na hÉireann agus ó mhéadú sa líon cuairteoirí.
- Cothromaíocht chuí a bhaint amach idir forbairt shaoráidí turasóireachta agus cosaint an chomhshaoil agus na dtírdhreach leochailleach.
- Foráil do chomharthaí feabhsaithe chuig na nithe is díol spéise do thurasóirí atá cheana ann agus do shaoráidí páirceála feabhsaithe.



## Bonneagar

Is ceann de na dúshláin is mó atá os comhair Údaráis Áitiúla na Mí é a chinntiú go gcoinneoidh forbairt bhonneagair suas le fás eacnamaíoch agus go n-éascóidh sí é. Ní mór do sholáthar bonneagair a bheith i gcomhar lenár bpolasaithe úsáid talún, atá aitheanta sna Pleananna Forbartha, agus ní mór dó freagairt do cheisteanna comhshaoil.
Le blianta beaga anuas, rinneadh forbairt shuntasach ar bonneagar sheirbhísí uisce sláintíoch agus fuíolluisce. Cé gur chuidigh sin le tacú le fás eacnamaíoch an chontae, bhí tionchar ollmhór aige freisin ar acmhainní airgeadais na Comhairle. Toisc gur mó an bhéim atá ar rannaíocaíochtaí áitiúla faoi na cláir infheistíochta caipitiúla, agus na costais síor-ardaithe a bhaineann le gléasraí nua-aimseartha uisce agus fuíolluisce a reáchtáil, tá dúshlán ollmhór os comhair na Comhairle chun costais bonneagair sa todhchaí a sheasamh.
Anneoin na ndúshlán sin, tá Údaráis Áitiúla na Mí réitithe le freastal ar fhás reatha agus ar fhás sa todhchaí.

### Cuspóir Straitéiseach

Bonneagar an Chontae a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú n-éascóidh infheistíocht bhonneagair forbairt fhisiciúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an Chontae.

### Straitéisí Tacaíochta

Feabhsúcháin bonneagair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le pleanáil úsáid talún.

Obair go dlúth le hÚdaráis agus gníomhaireachtaí comharsanacha eile lena chinntiú go mbeidh an phleanáil bonneagair comhlántach agus comhleanúnach.

Clár d'uasghrádú, d'fheabhsú agus do chothú an ghréasáin Bóithre Náisiúnta laistigh den Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairliúchán leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Clár d'uasghrádú, d'fheabhsú agus do chothú an ghréasáin Bóithre Neamh-Náisiúnta laistigh den Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairliúchán leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2004-2006 a chur i bhfeidhm.

Na tionscadail arna n-aithint i Measúnú ar Riachtanais Seirbhísí Uisce, atá glactha ag an gComhairle, a chur ar aghaidh lena chinntiú go n-áireofar iad i gcláir infheistíochta sa todhchaí.

Bearta faoin gClár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm ionas go bhfeabhasófar cáilíocht, intaofacht agus éifeachtúlacht soláthairtí uisce do dhaoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath.

Uasghrádú a dhéanamh ar na saoráidí uisce agus fuíolluisce atá cheana ann chun na Rialacháin um Uisce Óil agus na Rialacháin um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh.

Pleanáil agus forbairt ar an nasc iarnróid leantach go dtí an Uaimh a chur ar aghaidh.

Fiosrúcháin a dhéanamh le súil go ladhófar ár spleáchas ar bhonneagar Údaráis Áitiúla eile.

Comhoibriú leis na soláthróirí iompair phoiblí i bhforbairt agus feabhsúchán na seirbhísí sin isteach sa chontae agus amach aisti.





## Comhshaol

Díríonn ár gcuspóirí ar spriocanna straitéise ar fud 6 chroí-réimse gníomhaíochta Comhshaoil atá comhdhéanta de Dhramhaíl, Uisce, Oideachas, Dóiteán & Éigeandáil, Rialachán, agus Seachadadh Éifeachtach Seirbhísí




### Cuspóir Straitéiseach

Tacú leis an gcomhshaol glan, slán agus sláintiúl, agus é a chur chun cinn, don ghlúin atá cheana ann agus do na glúine atá le teacht.

### Straitéisí Tacaíochta

Dramhaíl a bhainistiú ar bhealach comhtháite agus inbhuanaitheach de réir an tsárchleachtais.

Cáilíocht uisce a fheabhsú ag teacht le ceanglais na Creat-Treorach Uisce.

Feasacht Chomhshaoil a ardú agus gníomhartha inbhuanaitheacha a spreagadh.

An scoth i seachadadh seirbhísí éigeandála a chothabháil.

A chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin Comhshaoil.

Glacadh le Plean Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún an Oir-Thuaiscirt agus é a chur i bhfeidhm.

Íoslaghdú ar thionchar forbartha ar uiscí glactha trí chóras monatóireachta cuimsitheach a chur i bhfeidhm, agus trí dheireadh a chur le bagairtí truaillithe.

Acmhainní a sholáthar d'Fheachtais Feasachta agus Gnímh Comhshaoil, ag díriú ar gach cuid den Phobal.

Plean Forbartha na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála a chur i bhfeidhm.

Plean Forfheidhmithe Comhshaoil na Comhairle a chur i bhfeidhm.

Raon leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun truailliú bruscair a chosc agus a laghdú trí úsáid a bhaint as an gCóras Monatóireachta ar Thruailliú Bruscair.



## Tithíocht

### Cuspóir Straitéiseach

A chinntiú go mbeidh caighdeán cóiríochta tí sách maith ag ár saoránaigh go léir a bheidh oiriúnach dá riachtanais, agus, a mhéid agus is féidir, a bheidh sa suíomh agus den tionacht a roghnóidh siad féin, agus seirbhís tithíochta freagarthach agus thacúil a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh uathu.

### Straitéisí Tacaíochta

- A bheith rannpháirteach leis an ngrúpa oibre ilghníomhaireachtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta, a bunaíodh faoi scáth Bhord Forbartha an Chontae, chun cur le ról Rialtais Áitiúil le dul i ngleic le fadhb na míbhuntáiteachta agus le huilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn.
- Na bearta atá leagtha amach in "Plean do Thithíocht Shóisialta agus Tithíocht Shóisialta – An Bealach Amach Romhainn" a leanúint.
- A chinntiú, trí phleananna forbartha agus trí chláir seirbhísí fóntais poiblí a oibriú, go gcuirfear dóthain talún tithíochta seirbhísithe ar fáil i suímh oiriúnacha ar fud an chontae.
- Clár leanúnach d'éadáil talún tithíochta a leanúint chun cláir tógála tithíochta poiblí a éascú.
- A chinntiú go ndéileálfar go comhionann le gach duine i leithdháileadh agus i mbainistiú tithíochta poiblí, beag beann ar bhunadh, cine nó creideamh, agus go ndéanfar freastal leordhóthanach ar na grúpaí imeallaithe go léir, ar nós daoine den Lucht Siúil agus daoine gan dídean.
- A chinntiú go mbeidh struchtúir chuí ann chun tithíocht phoiblí a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach trí thionscnaimh bainistithe eastáit chuí.
- Na caighdeáin is airde is féidir a chur chun cinn i bpleanáil agus i ndearadh tithíochta poiblí agus príobháidí, ag cloí le prionsabail na forbartha inbhuanaithí.
- Athchóiriú agus cothabháil ar an stoc tithíochta atá cheana ann.
- Forbairt agus méadú ar Scéimeanna Bainistithe eastát in eastáit tithíochta na comhairle atá cheana ann agus i bhforbairtí nua agus iad ag teacht chun cinn.



# 9.0 CUMAS AGUS ACMHAINNÍ

## Réamhrá

Tá na hacmhainní Airgeadais, Daonna agus TCF a theastóidh chun na cuspóirí agus straitéisí atá leagtha amach sa phlean seo a bhaint amach aitheanta ag Údaráis Áitiúla na Mí agus tá siad tiomanta do na hacmhainní sin a chur ar fáil.

## Airgeadas

Is cuid bhunúsach do bhaint amach na gcuspóirí corparáideacha é ár gcumas airgead a bhailiú agus gníomhaíocht eacnamaíoch a chruthú.

Tá Oifigeach Forbartha Eacnamaíochta ceaptha ag Údaráis Áitiúla na Mí, atá tiomanta don ról deiseanna gnó agus infheistíochta spreagúla a aithint, a éascóidh infheistíocht airgeadais spriocdhírithe isteach sa chontae le súil agus an bonn rátaí a neartú.

Is gníomhaíocht leanúnach é bainistiú ár sócmhainní, a chuirfidh ar chumas na heagraíochta na cuspóirí atá sa phlean a thabhairt ar aghaidh.

Ullmhófar buiséid sa todhchaí le haird ar chuspóirí an phlean seo. Leis an gcóras bainistithe airgeadais nua, beidh Údaráis Áitiúla na Mí in ann na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí ar leithligh a aithint ar bhealach i bhfad níos córasaí. Beifear in ann freisin nasc a dhéanamh idir costais ionchuir agus aschuir. Beidh athbhreithnithe agus iniúchtaí luach ar airgead mar bhonn taca don phróiseas sin chomh maith. Déanfar measúnuithe ar chláir chaiteachais in Údaráis Áitiúla na Mí go rialta. Soláthróidh na forbairtí sin bunús níos réasúnaí agus níos eolasaí chun cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh na n-acmhainní a bheidh ar fáil i ndáil leis na cuspóirí tosaíochta atá aitheanta.

## Acmhainní Daonna

Ní mór dúinn cur lena bhfuil bainte amach ag bainistíocht limistéar-bhunaithe agus ag seachadadh díláraithe ar sheirbhísí . Tá cur chuige solúbtha againn maidir le foireann a imlonnú ionas go mbeidh dóthain acmhainní ar fáil ar fud an chontae.

Is dúshlán ar leith é earcaíocht agus coinneáil foirne oilte agus spreagtha ag tráth a bhfuil iomaíocht ollmhór sa mhargadh saothair, agus ní mór do Rannóg Acmhainní Daonna Údaráis Áitiúla na Mí dul i ngleic leis na dúshláin sin i bhforbairt a cuid polasaithe.

Caithfear freastal dóthanach a dhéanamh ar ardmhianta, ar oiliúint agus ar riachtanais forbartha gairme na foirne ionas go mbeidh gnóthú scileanna agus faisnéise ag teacht lenár straitéisí gnó agus lenár gcuspóirí corparáideacha. Díreoidh forbairt ár n-acmhainní daonna ar fheabhas a chur ar chumas fhostaithe glacadh le tascanna agus le freagrachtaí amach anseo. Beidh foráil sna buiséid bhliantúla d'fhorbairt agus d'oiliúint leanúnach foirne.

## TCF

Tá forbairt teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa Chontae ríthábhachtach chun cuid mhaith d'aidhmeanna agus de chuspóirí na Comhairle a chur i bhfeidhm. Is cuid bhunúsach de rath aon eagraíochta infheistíocht a dhéanamh i ríomhThráchtáil agus i mbonneagar agus seirbhísí cumarsáide. Le linn shaolré an phlean seo, tabharfaidh Údaráis Áitiúla na Mí aghaidh ar an easnamh Leathanbhanda, agus leis sin méadófar ár gcumas leas a bhaint as Sochaí na Faisnéise.

# 10.0 FEIDHMIÚ, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tá Údaráis Áitiúla na Mí tiomanta do phróiseas bainistithe straitéiseach leanúnach. Ceapadh an Plean Corparáideach seo, agus cuirfear i bhfeidhm é, ar an mbealach seo a leanas;

- Cuirfear chun cinn agus scaipfear é chuig gach páirtí leasmhar chun soléireacht, comhchuspóir agus úinéireacht fhorleathan a bhaint amach.
- Ullmhófar sraith de phleananna oibríochtúla bliantúla, ag sonrú na ngníomhaíochtaí sainiúla a thabharfaidh éifeacht don Phlean.
- Cuirfear modh córasach anailíse feidhmíochta agus athbhreithnithe i bhfeidhm ionas gur féidir dul chun cinn a thaifeadadh agus na hathruithe a mbeidh gá leo a dhéanamh de réir mar a athróidh imthosca.


Leagtar an próiseas sin amach i bhfoirm léaráide thíos i bhfíor xxx agus is féidir é a mhíniú mar seo a leanas;

Sainaithneoidh an Fheidhmeannacht agus an Grúpa Polasaí Corparáideach tosaíochtaí ón bPlean le cur i bhfeidhm. Scagfaidh an Grúpa Polasaí Corparáideach iad sin agus cuirfidh i gcomhoiriúint le hacmhainní iad i gcomhtheács ullmhú an bhuiséid bhliantúil. Tabharfaidh an Grúpa Polasaí Corparáideach an gá atá le maoiniú chun suntais, agus cuirfidh sé chun cinn é, agus ansin lorgóidh sé an maoiniú ó na Ranna Rialtais iomchuí. Ceapfaidh na Grúpaí Polasaí Straitéiseacha polasaí chun feidhmiú na dtosaíochtaí aitheanta a éascú. Ceadóidh an Chomhairle chuí an maoiniú a bheidh riachtanach sna buiséid ioncam agus chaipitiúla. Forálann siad sin ina seal féin do na leibhéil foirnithe a bheidh riachtanach agus d'acmhainní seachtracha a úsáid, de réir mar is gá, ar nós comhoiriúnú maoinithe agus Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP).

Tar éis don Chomairle iomlán acmhainní a leithdháileadh, dréachtfar an plean eagraíochtúil bliantúil. Brisfear síos ansin é idir na rannóga tacaíochta iomchuí as a leanfaidh sraith pleananna oibríochta (gnó). Sa chás go mbainfidh saincheisteanna le níos mó ná rannóg amháin, beidh freagracht comhordaithe ar an bhFoireann Bhainistithe.

Éascóidh monatóireacht leanúnach foirmliú thuarascála leathbhliantúla a ullmhófar don Fhoireann Bhainistithe, don Ghrúpa Polasaí Corparáideach agus a thuairisceofar ansin chuig an gComhairle iomlán. Beidh forbairt tháscairí feidhmiúcháin áitiúla oiriúnacha, a chomhlánfaidh na táscairí seirbhíse náisiúnta nua, mar chuid chomhtháite den chóras monatóireachta sin.

Beidh na tuarascála leathbhliantúla faoin dul chun cinn mar fhaisnéis ag an bpróiseas athbhreithnithe bliantúil. Áireofar san athbhreithniú bailíochtú na bpleananna oibríochtúla bliantúla curtha i gcomparáid leis an bPlean Corparáideach. D'fhéadfadh go mbeadh athbhreithniú ar thosaíochtaí agus athdháileadh acmhainní i gceist leis sin. Foilseofar torthaí an athbhreithnithe bliantúil sa Tuarascáil Bhliantúil.


Plean Corparáideach 5 bliana
Cur chun cinn agus Feasacht
Coistí Polasaithe Straitéiseacha
Grúpa Polasaí Corparáideach
Foireann Bhainistithe
Ballraíocht Iomlán na Comhairle
Acmhainn – Buiséad Ioncaim Airgeadais
Acmhainn – Buiséad Caipitiúil Airgeadais
Acmhainn – Oiliúint & Forbairt Dhaonna
Acmhainn – Comhpháirtíochtaí Seachtracha, CDB, PPP
Plean Gníomhaíochta
Pleananna Oibríochtúla Bliantúla
Monatóireacht Leanúnach ag Leibhéal Stiúrthóireachta agus Rannóige
Tomhas Feidhmíochta
Tuarascáil Dhul Chun Cinn
Athbhreithniú Bliantúil
Tuarascáil Bhliantúil